C/2024/6480

25.10.2024

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11739 – INVESTCORP / PSP / PKF OCONNOR DAVIES ADVISORY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2024/6480)

1. An 21 Deireadh Fómhair 2024 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Investcorp North American Private Equity Fund I GP, L.P. ('Investcorp', Oileáin Cayman),

— Public Sector Pension Investment Board ('PSP', Ceanada),

— PKF O'Connor Davies Advisory, LLC ('PKF', na Stáit Aontaithe).

Gheobhaidh Investcorp agus PSP rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar PKF ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is bainisteoir infheistíochta domhanda é Investcorp, a dhéanann speisialtóireacht ar infheistíochtaí malartacha ar fud aicmí sócmhainní éagsúla,

— Is é PSP bainisteoir infheistíochta pinsin na bpleananna pinsin atá ag Seirbhís Phoiblí Fheidearálach Cheanada, Arm Cheanada, Póilíní Capall Ríoga Cheanada agus an Fórsa Cúltaca. Bainistíonn sé punann domhanda éagsúlaithe lena n-áirítear stoic, bannaí agus urrúis ioncaim sheasta eile, mar aon le hinfheistíochta i gcothromas príobháideach, réadmhaoin, bonneagar, acmhainní nádúrtha agus infheistíochtaí creidmheasa, agus,

— is gnólacht cuntasaíochta agus comhairleach de chuid na Stát Aontaithe é PKF a chuireann seirbhísí cuntasaíochta, iniúchóireachta, cánach agus comhairleacha gnó ar fáil.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11739 – INVESTCORP / PSP / PKF OCONNOR DAVIES ADVISORY

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

Ríomhphost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË